# ANECDOTA
# FROM IRISH MANUSCRIPTS

EDITED

BY

O. J. BERGIN, R. I. BEST,
KUNO MEYER, J. G. O'KEEFFE

VOL. V

HALLE A. S.
MAX NIEMEYER

DUBLIN
HODGES, FIGGIS & CO., LTD.

1913

# Contents

Page

The Correspondence between Alexander and Dindimus, *transcribed by Kuno Meyer* . . . . . . . . . . . . 1
Scél Muicce Maic Dá Thó, *transcribed by Annie M. Scarre* 8
Ferchuitred Medba, *transcribed by Kuno Meyer* . . . . . . 17
The Caldron of Poesy, *transcribed by Annie Power* . . . 22
Verba Scāthaige fri CoinCulaind, *transcribed by Kuno Meyer* 28

# The correspondence between Alexander and Dindimus

*From the Bodleian MS Rawlinson B 512, fol. 99a—100b.*
*cf. Irische Texte vol. II², p. 69ff.*

61.[1] Ass ed tra dorimther ind-eip*istil* Alaxandair cein boí Alaxandair a nirt, comoralta eip*istle* etarru 7 Dinnim rig inna mBragmanda. O rochuala Alaxandair scela a comairberta bith, roba dibreithi aichne lais, conid ann sin rucad eipis*til* do Dinnim uad [do] rig na mBragmandu, co n-écs*ed* saide dó tesmalta in (*sic*) duine 7 a comairberta bith 7 ascnam ind ecnæ 7 na fellamdachta (*sic*) dognidis do aisneis, comad inntsamlaighthe da mbescnai-sium esem dia mbad a samail do int. 7 isbert ba foglaindtidh bescna 7 fellamdachta asa macbrathaib[2] 7 asa noidentacht, 7 asbert da*no* naruo coir dicleithe[3] na hecna [7] na fell*am-dachta*, ar ni digbail doib a retladh (*sic*) nach a faillsiugud, fo chosmailes coindle na sutraille. Ar ni digbaid a soillsi cia turcbaither 7 cia annaither coinnle aile friu. Cech mod do*no* on imluaiter ind ecna, is tormach bescna donti luaides. 7 rogaid Alaxandair p*ost* co frecrad dia imchomarc fon saml*a* sin.

---

[1] These numbers refer to the paragraphs in Irische Texte.
[2] leg. macbrattaib. [3] leg. díchleith.

62. Isbert Dinnim ba maith foglaim ind ecnæ foirbthe, ar is ferr ant ecnæ diada foirbthi oldas cach flaithius 7 cach n-ordan. Acht asbeiri-siu, ol Dinnim, nidat aineolach an ecna archena. Ni fetath*ar*, ar mad rí nad bi ecnaid 7 na tabair toeb fri ecnæ 7 trebaire. Ar is dichur duailge gnathaigth*er* co corp 7 co hanmain cech æ int ecnai diada. Tarmart-sa tra, ol Dinnim, nemscribend eipist*le* duit-siu, ar nidam comsubeis airlabartha frit 7 nidat uain dia n-airlegunn ar imut do chatha 7 do chuimleng. Acht araba nach (fol. 99 a 2) erbarta-su is format fri forcetlaid, scribfat-sa duit-siu araill do besaib, ar ceneoil-ne, ar dofetar-sa ni mesraighte atfiadat techta ar scelai-ne duit. Ar is romór isindala baile 7 is robę́g araile (*sic*). Ar tórmaiget techta o tuscurntib co *gnath.* Crait-siu bid fir a n-atber-sa 7 ana n-aisnediub do tesmoltaib in ceniuil Bragmanna, 7 mad ail duit-siu, na ber aichni, ar bud fír.

63. In ceneol-sa na mBragmandu diataim-ne, ol Dinnim, as betha glan nempudrach in betha i n-atat. Ni sanntaiget ni acht a cuinnig aicned cen forcraid. Is ainmnetaig 7 nidat derchointig. Ni cuinnget teite na coemnai in cheneoil. It buidig do tairthib an talman cen frecar tir ceill, cen frithgnam. Ni fulngat doini in ceneoil si todernama na píana na immitechta, fobith ar ni bid cinaid foraib. Failte mesraigthe leo do gres 7 slainte nęmaidilcnech o legisaib. Ni chuinnig nech fortacht co araile o nach mudh ar bith. Ni bi nach frithorcain o neoch dib diaraile, ar is inann a somata 7 as cutruma a ndomata. Ni bi fodord o neuch dib diaraile; ar ni derscaig nęch dib araile. Is ẹd dogni soma uili dib, ni aidilcniged o na*ch* saibrechtaib na fuiglib, acht nama recht n-aicnid. Ni aidligniced o nach aircisecht, ar ni bit cinta na tairgabala leu. Ni bid icca

na dligeda acca. Deithbir ón, ar ni bit cinta leo; ar baile a mbit íca, is at cintaig nahí icait (fol. 99 b 1), ar is tar eis cinaid[1] no pectha icthar pennait do gres.

64. Nocha saethraigem 7 nocha trebam, ol Dinnim; ar is adbar sainnti saethar no trebad. Ar is treotha tic format 7 imargal. Ni biam indas ndochraid. Is nempni 7 is nemada leinn tregdat an talman o nach ndail. Ni tregdann socc *na* coltar *na* ramann talam linn. Ni tairchellam duma fo chuinge na carra no slaotu. Ni chaithim feolu. Ni hindlim ar iascu na alltu lína *na* goisti na airchesa archena. Dotidnaig an talam ar n-acor 7 ar lordataid tria rath 7 danugud Dé. Ni frecuirem ceill do*no*, ol Dinnim, o fothruicib teib na uaraib, acht grian diar tegad gorad 7 diar nige. Ni chuinngem nacha lenna acht uisci somblasta sithalta do dig forsna maghaib do airdibad itad nama. Uair cech lind soomescthea is descaid dermait Dé 7 in chomnesaimh 7 gresacht diumais 7 escidallaigthe 7 elscothachtha 7 mitoli inní sin.

65. Ni cuinngim coilti na cerchailli na clumdeirgthe na brothrachu na brecanu, acht an talam cona sreith trit no lom amail dochuirither. Nochanartairmescann, ar Dinnim, nach ndethitiu ar codlud, ar ni bi snim na imluad 'nar menmannaib. Ni chuinnig nech uan derscugud diaraili; ar is oenfolad 7 oenadbar dunn uili 7 oendia doroni. Fognait ar cuirp do reir ar menman 7 ar n-anmain. Cid dia inderscaigfed diaraile, is oendia athair uilicumachtach doroini dia reir 7 dia toil feisin, sicut diximus. Ni romarbad mac riana athair na ingen riana mathair ocuind riam (fol. 99 b 2). Ni berbam sallu no

[1] leg. cinad.

carna. Ni cumdaigem muru na palaiti *na* tegdaisi rigda na indsi for uiscib. Ni aithiraigim na duili, acht noslegam amail fosracaib Dia. Contuilem i n-uamaib talmandaib tirmaib amail dosratait Dia duin, 7 bidat sade badat tuilc adnacail duib-se iar bar n-ecaib.

66. Ni cuindgem etaige derscaigthe, acht ditiu pardhasta nama do dín ar feli. Ni chuinngem cloemclodh aicnid dun. Ni failit cola na pectha na edrad lind. Is ar ocras cloinne an tan condrecam friar seitchib. Ni fuilit imderctha na écnaige lind. Ni techtam acht serca defiri 7 craibdechta. Ni berthair torathair na togluaiste linn. Ni errracht*ar* ferca *na* fuasnada linn. Ni romarbad nech dind araile riam. Ni ferthar catha n*a* coicte *na* congala lind o dutrachtaib *na* o besaib *na* o gnimaib. Ni ar forecin lenmait isnaib rechtaib dorosat Dia. Ni dentar taircetla na faitsine linn; ar ni*n*beir acht bas toltanach. Nicon annsa linn tuistige ar macc na ar n-ingen oldas in duini imechtracha diar ng*eneol*.

67. Ni cumdaigem adnaclu *na* duma for marbaib *na* templu idal *no* arracht. Ni thabram cissu *na* dligeda do demnaib amail dobeirthi-si 7 as ar bar pianad feisin dogairthi-si na demna sin 7 na deo dia n-adairthi-si 7 nidat dee sem acht riagair*eth*a if*ir*n duib-si etir fognum 7 miiartaige. Doberaid catha 7 congala 7 tete 7 foluamain, etrad 7 ingloine 7 roebuidecht duib-si triana n-adrad. Coillit for cialla 7 for n-intlechta, ar cid sid 7 cora dobertar doberthar duib-si bid deb*aid* sin, ar dobarcoillitsom (fol. 100 a 1) do gres. Is ed dorimet for fileda-si, for ferca 7 for santa 7 for n-eslaini menman 7 for rithaire ac deithitin an domain do gres. Doberat imad cinad 7 targabal nob*a*rbérat for saluchduthrachtaib 7 utmaille for menman

o nim co hifern. Is badbas la far ndenmaib etoirrthaige bar crabaid 7 a ddimmainchi, ar is cuilech for crabad, is todernamach a mbethemnass. Finit.

68. Masa sinde tra as ecorach amail dofeidiusu, ol Alaxandair, it Bragmanna a n-oenar atatt dligtecha isin doman. Acht darlinde is aml*aid* Bragmanna amail betis erandai indo (*sic*) fol*a* corpda. A n-as aicenta nama, is ed condaiget. Is col leo cecha ndenaim-ne, is ar col dorimth*er* leo dund ar ndairbert bith 7 ar fognam do duilib De 7 dia dagmainib. Ni ní leo nach rét acht a tesmolta fodein, acht diar pianad dogniam deu dun 7 ar format fri [ ] Is ed atb*eir* Dinnim 7 ni fir ôn em. Ar ni format dia linne ina fil ic Dia, ar is iat na duili 7 a dagmaine no*n*-tirghnat 7 norfognat madas moo brethemnacht imora no as dasact 7 fellsamdacht in tesmailt si na mBragmanna isbert Dinnim ind so. Finit.

69. Ni do aittrebtaidib an betha frecnairc duinni, ol Dinnim, asberi-siu, a Alaxandair, acht as celi De atancomnaic isi*n*. Ni gabam forba nach ndiles isin bith, ar ata ar n-atharda ar ar cinn .i. nem cona sostaib 7 fochraicib. Fo-bith ar ninbrisit cinaid na targabala, gaite *na* ethig *na* forecin samlaid. A treide ara cora ar ar cinn. Ar nis doroethiget ar mignima. Dòrosait Dia a brectrad forsin doman dia duilib 7 duinib 7 tomaltaib anti mesraiges a tuara (fol. 100 a 2) 7 a tomailt do cach. Is e donrat do saerbrath nindene ni foirmtech dogni ar mugsaine diles do Dia condarcart Dia 7 daine.

70. Is lib-si im*oro* feisin, ol Dinnim fri hAlaxandair, an cair doralais inar leith-ne 7 sinne umal do Dia 7 dainib. Ni denam nach n-ercoit. Robi im*oro* a epert dethitnighth*er* Dia dona talmannaib 7 ni hed dognithi-si ón, acht dog-

nithe dee daib feisin 7 cumdaigth*er* altoiri lib-si doib. Ędbarthar cethra 7 edbarta lubaide lib-si forsna haltoirib sin dia for ndęmnaib 7 dia for n-idlaib feib doronsait far n-aithre 7 far sęnaithre. Doberat sin piana diḟulachta 7 riaga teinntige dermara. Is menann fobithin an idaladharta sin. Is dasacht a ndognithi-si 7 ataber dásachtaig fein iarsinni nat bíd do reir Dé. Ar is e ant oendia 7 an fir brethem bui ic teipirsin der ica far cained-se. Conid airi doberthar piana ilarduib duib ar bar somataid 7 ar bar cintaib fo cosmailes Sailemoin 7 Celadi, amail dorimed f*or* rimiri 7 f*or* senchaidi-si sin.

71. In ed dobargni-si finnbethach 7 fechtnach, ar Alaxandair fri Dinnim, bith isin atharda itáid? Ar ni fuil aithigid cucaib 7 na fail sochmata lib dema tinne *no* iairn *no* umaidi *no* argait *no* oir. Atrimth*er* iarurn ar febsai 7 ar cainbaitaig aní is ecen duib. At for cosmaile do*no* fri nech bis i cuimriuch *no* a carcair. Is bar carcair-si do*no* 7 for cuimrich aicenta nach fail sochmata lib i fos no toirthige sechtair. Ni feil cetamus frecar ceill *no* trebad in talman lib, ar ni fil iarn lib fria tebe 7 fri dluige. Amail bit cethræ for luibib an talman, is amlaid sin ataithe-si. Is ed do (fol. 100 b 1) dogniat ind ellsaib, in tan na fagbat feoil, ethait ind finemain no brence na crann crin *no* araile sasta an talman archena. Is i *imoro* ind ochroic dia ndigba nech ni dond airb*ert* bith 7 don coemna conic a tomailt 7 ni inann 7[1] ni nadroich 7 na cumaing amail ataid-si. As amlaidulla nach faicit ni 7 buchta na fagbat, uair imthigid an dall cen co faicend ni. Toimlid im*oro* an bocht cen cu promaid 'ne fagaib,

[1] Here a different hand begins.

72. Ni techtat far mna cumdaigi. Deithbir son, ol Alaxandair. Nista elatha *na* adbar dia ndenum. Ni for n-adaltraig, is ed atberid, 7 nit cuiligh. Deithbir daib-si ón. Ni todiuscaither tola o bar corpaib tria choemna, ar it olca far lebtha 7 far tuile 7 at eitche na mna filed occaib. Ni fagbaiter cumdaige segda noduisced menmain. Mad anti im*oro* gaibes coemnai donn imudh i mbi cen soinmige de *no* imgabas a tola isin choemna i mbi, is e sin as fellsab 7 as congaid.

73. Asbert da*no* Alaxandair: Ni fil rechtge na trochaire lib, ar ni cumgaid maith na olc do gnim[1]. Ataid *imoro* amail iumenti amhnertmaræ. Ataid *imoro* brectrad 7 coemcloda imda lenn. Ata chetas tra brechtrad for gne ind nime ind-aieor. Ata do*no* brechtrad for gne an talman cona toirthib. Ata da*no* brectradh for cethraib, ata da*no* brechtrad i ciallaib 7 inntlechtaib in doini i febaib 7 æsaib duine ina noidentacht ar tus 7 ina oclachus iar sin 7 ina sentaid iar sin. Mallaigt*her* tra o lubra 7 diumus. Ata brechtrad forsna cetfaidib arpetet don duini do cluasaib 7 roscaib 7 sronaib. Atat neithi arpetet diar cluasaib i forcetlaib 7 eolaib (fol. 100 b 2) 7 ceolaib 7 imacall*maib* 7 ni petet o suilib *no* sronaib. Atat araile arpetet o suilib i fegad cumdach gem logmar 7 ni arpetet diar cluasaib *na* diar sronaib. Arpetet cainbolad na lendann nadurda 7 na lubad mboladhmar diar sronaib 7 ni arpeted o suilib *na* cluasaib.

74. Atat ann dun colcthi 7 cerchailli 7 clumdergaithe, etaige srolda 7 sirecda 7 tlachta cecha datha. Atat dun biada biadmara brechtnaigthe 7 lenda somblosta soola lind.

---

[1] gni*mm̄* MS.

Atat dun do*no* elta en almaib 7 goistib 7 cuithechaib 7 airnelaib. Is ceneol diumais im*oro* 7 formait obad a dán 7 a dagmaini for Dia, for Alaxandair.

It eat ann sin .ii. eipist*il* immaralaid iter Alaxandair rig an domain 7 Dinnim rig na mBragmanda. Finid.

---

## Scél muicce Maic Dá Thó

*From MS H. 3.18 (Trinity College, Dublin), pp. 743—748 (paper). Cf. Irische Texte vol. I p. 96 ff. and Hibernica Minora, p. 51 ff.*

1. [B]ai ri amrai for Laighnib, Mac Da Thó a ainm. Boi cú ocu. Imdichedh ind cu Laigni uile. Ainm na con sin Ailpi, et ba lan Eiri dia airdircus in chon. Tait o Oilill 7 o Meidb di chuncidh in chon. Imalle da*no* 7 techta Ulad et Conchubair tangatar di chuingid in chon cetna. Roferad falti friu uile 7 ructai chuice-sium isin bruidin. Isi sin in coiged bruigin roboe ind-hErind isind amsir sin 7 bruidin Da Derg i crich Cualann 7 bruidin Forgaill Monach 7 bruidin m*ic* Da Reo in mBr*e*fne 7 bruidin Da Cocai i n-irth*ar* Midhe .i. secht ndorais isin bruidin 7 secht slighedha trethi 7 secht tellaigi inti 7 secht coiri. Dam 7 tinde in gach coiri. In fer noteged iarsin tsligidh dibered in n-aol isin coiri, 7 a taibredh din cetgabail, is ed no-ithed. Mani taibred im*moro* ni din cedgabail ni bered a n-aill.

2. Ructha trath na techto cuici-som ina iomdaigh di airiuc tole doib riasíu diberthae a mbiad doib. Roraidsed a n-aithescae. 'Di chuincidh in chon didechamair-ne', or techtae Connacht, .i. o Oilill 7 ó Medb, '7 diberthor tri fichit cet lolgach hi cetoir ina cummaín 7 carpat 7 da

ech bus dech la Connachtae fói ⁊ a commainn a cind bliadna cenmotha sein'. 'Di *cun*chidh in chon dodechamair-ne ó Conchob*ur*', or techta Ulad, '⁊ ní mesa Conchobar di charoit ⁊ da*no* do thabairt séd ⁊ indili ⁊ díberthar a chummatt cettnae atuaith ⁊ biaidh degcaratradh dé'.

3. Rola di*diu* i socht inni Mac Da Thó co raibe tri trath cen dig cen piadh, acht coa imorchor on taoib co araili. Is and atgladustair a pen: 'Is fotai do troscadh, a M*i*c Da Tho', or in ben. 'Ata biad let cen co n-esora. Cid notai?' Nicon arlustair. Is ann dixit in ben:

'Tugad turbaidh cotaltae do Mac Da Thó co a tech,
baithut inní no comairled cen co tabnad (*sic*) fri nech.

Asui dosoi uaim do fraig in ferg fene co londgail,
a ben treabair dosbeir modh bid dia cheili cen cotladh.'

'Atbert Cremtann Nia Nair, ni tardai do run do mnaibh:
run mna ni maith concelar, main ar mog ni aithenor.'

'Cid fri mnai atbertha-sa', or sisi 'manit eplad ní airi,
ní nach teit do menma-sai teit a menmai neich aile.'

'Cú Mes Roidu m*i*c Da Thó, ba holc laithe ethai dó,
dofaoth mor fer find fria rath, bid liaa tuiremh a chath.

Manip do Concobor berthair, is derb bid mogdai in gnim.
no taicebthair luaig (*sic*), bus mo do buaip no do tir.

Mad di Ailill erae silis Falmag tair sa tuaith,
do notberai mac Magach ataneplai lomm luaith.'

'Tathut airli frim-sai fris, ni olc fri iarmairt n-intti,
tapair doib-sim diblinaibh, cuma dithaethsatt imme.'

'An comairli atbiri-siu', or seisim 'isí nindene cutal,
Ailbe do raid dia, nicon fes cia o tucadh.' Tucad.

4. La sin atracht suas 7 nosmbertaigter. 'Bad maith dun' or sé 'et dona hoegedaib dotnancotor.' Anait side leis teorai lá et teorai aidci 7 teit leo for leith. 'Roba-sa trai i n-imresin 7 contabuirt moir condergli .i. diratus-sai in con di Oilill 7 Meidb, 7 taigat ar cend in con co sochruid 7 co huallach 7 rombiae lind 7 biadh 7 asgaidh 7 bertait in coin 7 is fucen doibh.' Buidhigh side da*no*. Luid ier sin co techto Ulad: 'Dirat*us*a tra' or se 'as mo contabairt do Concob*ur* 7 ba huallach tiastar ar a chend .i. formmnae maithe Ulad. Bertait ascaid uile 7 rosbiaid falti.

5. Ind-aonlo *immoro* rodalsot-som etir aníar 7 anair. Ni rofollaighed leo-sam da*na*. Tangatar da choiged d'Erind ind-aonló go mbatar i ndoruss bruidne M*ic* Da Thoo. Diluidsiom feisin ar a cend 7 feraid failte friu. 'Ni farcelsam, a oga', ar se 'arabaide is mochen duib.' Tait isin lis. Llotar iarom uile isin bruighin, leth an tighi da*na* la Condachto 7 in leth n-aile la hUlto. Ni bad beg in tech da*na*. Secht ndoruiss ind 7 *coeca* imdadh it*er* gach da dorus. Nibtar aighthi carat ima fleidh *immoro* robator and isin toigh. Soch*aid*e dib rofuachtnaig ri aroili. Tri cet bliadhan rie ngein *Crist* robai an cogad etorra. Marbthar doibh di*diu* in múc Mec Da Thó. Tri fichit gamnach og a biathad-side go cenn secht mbliadan. Tré nemh im*moro* no biadta, go ralltu ar vfer nEr*enn*.

6. Tucad doib ierom in muc 7 cethracha dam dia odu cenmothae a mbiadae archenae. Mac Da Thó feisin ocond fertigset (*sic*). 'Mochen duib!' ar se. 'Ni arbar samail rissin. Atat aighe 7 mucai la Laigniu. A testa de sin muirfithir daib ambarach.' 'Is maith ind muc', ar Conchobar. 'Is maith im*moro*', or Oilill. 'Cindus rondfaider in muc, a Concop*air*?' ar Ailill. 'Cia indus', ar Bricni

mac Carp*aid* anuas amne asind imdai, 'baile atatt lath gaili vfer nErind sund acht roind ar com*ramaib*[1]? Et dorat cach dib buille dar sroin a ceili riam.' 'Dentar!' or Oilill. 'Is maith', or Concho*bar*. 'Atat gillai dun istaigh imrulatar ind coicrich.' 'Ricfaither a les do gille indocht, a Concob*air*', or senlaech Arad a Cruachnaip Conalad aniar. Ba menic roda Luachra Dedad lim-sa fa toin. Menic agh meit d'agbail daib agam-sa.' 'Ba methi ind ag foragbuisi againde', ar Muindremair mac Gerrgind, '.i. do brathair uoden, Cruaichne mac Ruadluim a Cruachnaib'. 'Ni bad ferr side', ar Lugaid mac Conrui, 'oldas Indloich Mor mac Fergusa m*ic* Leit forragbad la hEchbel mac Dedadh i Temair Luachra'. 'Cindus fir lib', or Celtcair mac Uithecar, 'Conganchnes mac Deghad do marbad dam-sae 7 a cend do pein de?'

8. Imatarla doib fo deoigh co tarat indt aoinfer for firu Erind .i. Cet mac Magach do Connachtaibh. Difurgaib side im*moro* a gaiscc*ed* uas gaiscedaib in tsluaigh et rogab scin inda laim 7 deisig ocon muic. 'Fogabar do feraib Erind tra', or se, 'cen fer tairisme comramae frim-sai, no legad na muici do roind damh'.

9. Ni frith laoch a tairisme. Roslai Ultai a socht. 'Atchi sut, a Laoghairi!' or Concob*ar*. 'Ni ba fir', or Laegaire, 'Cet do roind na muici ar ar mbelaib-ne'. 'An bic, a Laogaire, co rotaicciller! Is bes duib-si far nUltaibh', or Cet 'nach mac gaibis gaisced agaip, is chugaindi cend a baire. Dochuad*ais* da*na* isin coiccrich dun, imatarraid dun inti; foragb*use* in roth 7 in carpat 7 na heocha 7 atrulais fein 7 gái trit. Nistorche in muic fon indus sin.' Deisidein (*sic*).

[1] comm̄ MS.

10. 'Ni ba fir', or laoch find dideoch*aid* asa imdaig, 'Cet di roinn na muici ar ar mbeluib-ne'. 'Cuich and so?' ar Cet. 'Is ferr di laoch indaisi: Aongus mac Lame G*abaid* sin di Ultoib.' 'Cia diata Lamh Gabaidh for a athair-sium?' or Cet. 'Cidh on rofetor-sa', or Cet. 'Dicuadusa sair' or se 'fecht an*n*. Eghthir immum. Doroich cach. Doroich da*na* Lamh. Tarlaig da*na* urchor di gai mor form-sae. Duslegim-si do in gai cetna co mb*ert* a lam de, co mboe for lár. Cid doberad a mac di comramh?' T*eit* Aongus ina ṡuide.

11. 'In comramh do thairisium beus', ar Cet 'no in muc di roind!' 'Ni ba fir a roind dit-siu cetamus', ar laoch find mór di Ultoibh. 'Cia and so?' or Cet. 'Eogan mac Dirthacht sin', or cach, 'ri Ferndmaighe'. 'Atcondarc-sa riamh', or Cet. 'Cairm inamaca riamh?' ar Eogan. 'I ndorus di thighi ic thabuirt tanae bou uaitt. Roeigheid ummam-sae issa tir. Tang*ais*i fon eigem. Rotheilcius goi form-sae co rabai as mo sceiath. Dileicim-si deit-si in goi cetna colluith triet chind 's co mb*ert* di ṡuil as do ciunt. Atat-ciet fir Eiriunn co n-oinsuil. Misi tall int suil n-aile as di chinn.' Deisid side da*na*.

12. 'Frithalid, a Ulta, in comram beus!' or Cet. 'Nis-roindfe indosa', or Muindremar mac Geirgind. 'Inn e so Muindremar?' or Cet. 'Is mé roglan mo goo fo deuidh i mMuindremar', or Cet. 'Ni fuilet tri trath and o thuc*us*a tri laochcind uait im cend di cetmic as t'ferand.' Deisid side da*na*.

'In comramh beos!' or Cet. 'Rotbia son', or Mend mac Salchadai. 'Cia so?' or Cet. 'Mend mac Salchadai.' 'Cid ane', or Cet, 'm*ic* na mbachlach cusna lesanmannaibh do comram chucum? Ar ba misi ba saccart ic baisted ind

anma sin fora athair. Meisi tall a sail de co cloidem co na ruc acht aoncois uaim[1]. Cid doberad mac ind aoncosedai cugum-sai?' Deisid side da*na*.

13. 'In comram beos!' or Cet. 'Robia son', or Iaoch liath mor forgrandai di Ultaiph. 'Cia so?' or Cet. 'Celtchair mac Uidiocuir sin', or cach. 'An bec, a Cheltchair', or Cet, 'manip do imtuargain fo cetoir. Rotanac-sai, a Cheltchair, co dorus do toigi. Roheiged umam-sae, tainic cach, tancaisi da*na*. Dolluid a mbernai ar mo cend-sa. Doreilgis gai form-sai. Rolegusa gai n-aill fort-sai co ndechaid triat sliasait 7 tria uachtor do magraille. Atai a ngalor fuail ond uair sin, nocha rugadh mac na ingen duit. Cit dotberadh cucam-sai?' Deisid side da*na*.

14. 'In comram beos!' or Cet. 'Rotbiad son', or *Cus*scraid Mend Machai mac Conchobair. 'Cuich so?' or Cet. '*Cus*scraid', or cach. 'Is adpar rig ar deilbh.' 'Ni buide frit', or in gilla. 'Maith', or Cet. 'Cucaindi cetatudchad-sai do chetgaiscced, a gilla. Immatarraidh dun isin coicrich; foracb*ais*e trian do muintiri 7 is amhlaidh do cuad*ais*e 7 gai triat pragait co na etai foc*ul* fort cend i cora, ar roloit in gai fethi do pragat, conid *Cus*scraid Mend atacomnaic ond uair sin'. Dirat tár fon indus sin forsin coiced uili.

15. In tan di*diu* rotmbertaigestair ocon muic 7 scian inda laimh conacator Conall Cernach istech. Is an*n* tarblaing for lar in tige. Ferait Ulaid failte moir fri Conall. Is an*n* rolai Conchobar ind cinditi dia cind 7 nosmbertaige[s]tor. 'Is maith lend ar cuit do airiuc', or Conall. 'Cia randus duiph?' 'Rodet dond fiur notran*na*', or Concobar,

---

[1] *athair* — *uaim* added at bottom of page.

'.i. Cet mac Magac'. 'In fir, a Ceit', or Conall, 'tusai do roind na muice?' Is and isbert Cet:

'Fochen Conall, cridhe licce,
londbrudh logha, luchair ega,
guss fiand ferge fo chich curad
crechtaig catbuadaig atcomsa mac Findchoimhe
[frium.'

Et dixit Conall:

'Focen Cet, Cet mac Magach,
magen curad, cride n-ega,
ethre n-ela, err tren tressa,
trethan agan, cain tarb tnuthach,
Cet mac Magach.'

'Bid mend innar comruc-ni on', or Conall, '7 bid mend inar n-imscaradh, bid airscela la Fer mBrot, bid fiadn*us*i la Fer Mannach, ar arcichset loman lonngliaidh na da err eplaid hechtair, acht regaid fer dar fer indocht astig si.

16. Eirg on muic di*diu*!' or Conall. 'Cid da*na* d( )t-berad-sa[1] chuici?' or Cet. 'Is fir', or Conall, 'do chuincidh comraime chuccam-sai. Dober áencomramh deit, a Ceit', or Conall. 'Tongae na tongat mo thuatha; o rogabus gai im laimh nat raba cen guin duini do Connachtaib gac aonlaithe et orccain fri daigidh cech oenaidchi 7 noch rocotlus riamh cen cend Connachtaig fom gluin.' 'Is ferr' (*sic*), or Cet, 'it ferr do laoch indusai. Mad Anluan do beith istigh, doberad comram ar araili duit. Is anim duin nat fil istig.' 'Ata im*moro*!' or Conall og tabairt cind Anluan asa chris, et doleici do Cet dar a bruindi, corroe-

[1] Erasure between *d* and *t*.

mid a loim folai for a beolai. Rogap side da*na* on muic 7 desig Conall aici.

17. 'Teat dom comromh fadechtsai!' or Conall. Ni frith on la Connachtai laech a tairisme. Doratadh im*moro* damdapach[1] dona bocoitib ime ima cuairt, ar robai droc-chostad astigh di claondipractib la drochduine. Luid iar*um* Conall do roind na muici 7 geibid dana cend in tarrai ina beola, co tairnic dó raind na muici. Rosuige in tairr .i. eiri nonbair[2] co na farcaib bandai de.

18. Ní tarat im*moro* do Connachtaip acht da cois na muici fo a bragit. Ba peg im*moro* la Connachtai a chuit. Atragat side, atragat Ulaidh corrocht cach araile. Robui tra buille dar a ó i suidiu, co mbo comard ra slis an tige in carnail roboi for a lar, co mbator na srothai din chru forna doirsip. Maidith da*na* ind sluag forna doirsi co ralsat for lar ind lis .i. cach ic truastradh ar cheile. Is and gab*ais* Fergus doib dair mor roboi for lar in lis asa frenaiph. Maidit di*diu* amach asind lis. Doberar in cath i ndorus ind lis.

19. Is and luid Mac Da Tho amach 7 in cu ina laim, corrailced etorra dus cia dibh dongegad .i. rustogh. Doraigae in cu Ulto 7 roleci for ár Condacht, ar romebaid for Connachto. Asberat-som is i Maigib Ailbi rogab fertais in carpait fo Ailill 7 Meidu. Is and donaraill Fer Loga .i. ara Ailella 7 Medba corrala a cholaintt for leth et co roan a chend i fertuis in carpoit. Asberat da*na* is de atat Maighe Ailbe .i. Ailbe ainm in chon.

---

[1] *on la-damdapach* added at bottom of page. [2] inonbair MS.

20. Dolluid a mmaidm andess for beluch sech Roirind, for Ath Midbine i mMaistin, sech Cill Dara, sech Raith Immgain[1] i Fid nGabli do Ath m*i*c Lugna, sech Druim da Maighe, for Drochad Coirpri. Oc Ath Cind Chon i mBiliu, is and rola cend in con asin carp*ut*. Ic techt iar fraochr*ad* Mide siar, is antt donarlaic Fer Logha isin fraoch .i. ara Ailella, et rolincc isin carp*ut* iar cul Concob*air*, co rogabh a cend dar a ais. 'Enni, a Concobair!' or se. 'T'ogriar!' ar Conchobar. 'Ni ba mor', or Fer Logha, '.i. mo brith lat co hEmain Macha 7 mna oentoma Ulad et a n-ingenae macducht do gabail chepoce cecha nona immum, co n-erbrat 'Fer Logha mo lennan-sa'. Bȧ ecen on, ar ni lamdis cena denum la Conchobar. Ocus roleced Fer Logha dar Ath Luain siar dia bliadhna 7 da gapair Concobair leis co n-allaib oir friu.

21. Scela muici M*i*c Da Thó sin. Is de rochet:

A gille Condacht nat liu for tromacht ag apairt go,
gilla rosmbo beg for cuit forodaill muic M*i*c nDa (*sic*)
[Thóó.

Na tri *coecait* coeca fer, do dillotor a linaib tor,
comrac uailli im Ailbi sin, bec in cion tria caingne
[con.

Concobar buadach rothelt, Ailill sluagach 7 Cet,
bodb iar n-áruib for a sliocht, Cucolaind ni damair
[certt.

Congal aindine and anair Fiamain Dun[2] Binne din muir,
roches tairmtecht (*sic*) iar sin Eogan mac Dertechtai
[duib.

---

[1] in*m*gain MS. [2] leg. Dúin.

Tri m*i*c Nerae ar lin lerg, tri m*i*c Uslend, cobra garg,
Senlaoch Arad, anba borb, a Cruachnoib Conalad n-ard.

Dubtach Emna, ard a brigh, Baithen Berbae br*eth*ir blaith,
Illann ardirc ilar nglond, Muindremar lond Locha Sail.

Conall Cernach, cruaid a gal, marcach Sindae, setrad son,
Celtchair Ulad, fer dar fer, Lugaid Muman mac tri con.

Feithis Fergus Ailbe n-oll, crothis doib dairbre dall,
gabuis faonbrat tar sciat[h] scell, pronderg toidlech tar fern flann.

Ceithern mac Fiontain robith, uathad a lin forsind ath,
Fir Olnecmacht ermaig sluagh, nis releicc uad re se trath.

Feidlimid co n-ilur tor is Laoguire buadhach fair,
ba let[h] ndograi uman coin Conaedh mac Mornai na*ch* mair. Finis.

---

## Ferchuitred Medba indso

*From the Bodleian MS Rawlinson B. 512, fol. 1a2—2a2.*
*Cf. Cath Boinde, ed. Joseph O'Neill, Ériu II, p. 174 ff.*

Rí rogabust*ar* rígi for Erinn fecht n-aill .i. Eoch*aid* Fedhlech mhac Find mhic Roighen Ruaid do ṡil Ritfatha Scuit o Thur Nemruad i lleth, ar is do ṡil Riphaith Scuitt cech gab*ail* rogab Ereind genmotha Cessair namá. Is aire atbertha Eoch*aid* Fedhlech fris .i. fedhil la cách ó .i. indruic la cách an rí sin. Trí mic leis .i. na trí Find emhnæ

(.i. emnin raott nach deligt*her*) 7 d'aontoirb*er*t ruccad iatt .i. Bres 7 Nar 7 Lothar a n-anmanda, 7 is iatt dorindi Lugaid Sriab nderg re ṡiair fadein an aduig re cath Droma Criad do thabairt[1] doib da n-athair, cur thuitsid a triur ann la hEoch*aid* Feidhlech, curub ó Eoch*aid* Fedlech do chuindigh an etgit nemdha cen mac a ndíaid a n-athar for Erind co brach, gur fírad sin.

Et Conall Anglonnach mac Eoch*ach* Fedlig díataitt Hui Conaill ra Firu Bregh. Búi iardraighi mór laisind rig sin .i. Eoch*aid* Fedlech: .i. Ele ingen Ech*ach* Fedhligh, ben Fergail mic Madach, 7 is uáithi atá Brig Éle la Laigniu 7 fa ben a ndiaig Fergail do Sraibgend mac Niúil do Ernaibh, *co* rucc mac dó .i. Mada mac Sraiphgind athuir Ailella mic Mada.

*Ocus* Mumain Aitencathrach ingen Ech*ach* Fedlig, ben Conchubuir mic Fachtnæ Fathaig, mathuir Glaisne (fol. 1 b 1) mic Conchubuir. 7 Eithne ingen Echach Fedlig, ben aili don Concobur cetna, mathair Forbaidi mic Concubuir 7 is aire atbertha Forbaidi dhe .i. a forbud .i. a gerrad do roindiub (*sic*) a broinn a mathar iarna bathad a nGlais Berramain frissa raiter Eithne indíu 7 is uaithi sloindt*er* ind aband .i. Eithni. 7 Diarmait ainm Urbaidi (*sic*) ar túss.

Occus Clothra ingen Eoch*ach*, mathair Cormaic Conluing*es* 7 Derbri ingen Eoch*ach* Fedlig, dia rabatar muca Derblinne. Et Medb Cruachna ingen Eoch*ach* Fedlig ben aile do Chonchobur, conad é Concabor cetfer Medba, cur tréc Medb Conchubor tre uabharr (*sic*) menman, co ndechaid c*hum* Temrach in bail i raibe rí Erend. Et is í cúis fa rabatar na hingena sin righ Erenn ac Conchubor, ar is la

[1] do thabairt do tab*air*t MS.

Eoch*aid* Feidhlech dotuit Fachtnæ Fáthach i cath Leitrech Ruidhi 'sa chomrund, conid 'na éruicc tucad na mná sin do Conchobur maille righi nUlad do gabail dó ar hecin ar clanduib Rugraidhi. Conadh é cetádhbur comfuachda thána bó Cuailgne fagbail Medbha ar Concubur dá aindeoin.

Tinne mac Connrach Caiss do Domhnandachaibh, iss é bá righ Condacht an tan sin 7 Eoch*aid* Dala 7 Fidech mac Féicc don Gamanraid a cuiblichus na ríghi.

Teid Fidiuch mac Feicc co Temraig do teglomadh na rigi, cur cuindidh Medb ar Eoch*aid* Fedliuch, co fuair Tindiu mac Condruch fis an scéoil sin, condorala do forairi for Fidach mac Feicc, conustarrladar ac srothaib Sindu, cormarbsat clanda Cundrach 7 Munodur mac Connrach Fidach, conidh é sin cetadhbur coc*tha* clainne Connrach Caiss 7 na Gamanr*aidi*. Dogní Eoch*aid* Fedlech anḟír flatha ar Tindi mac Connrach iar sin, cur cuir a ndithriub Condacht (fol. 1 b 2) é 7 cuiris Medhbh a n-inadh rígh a Cruách*ain*, conustarla do Meidhbh 7 do Thindi, co mba céledach iar céin mháir 'na diáig sin, conidh a Cruach*ain* dognítea áenuig Erenn. 7 no bittís mic rig Erend hi Cru[a]ch*ain* ic Meidhbh in tan sin, dia caomclodhataís coccud fri coicced Conchobuir, co tainicc Sraiphgend mac Níuil do Érnaib 7 a mac .i. Mata mac Sraipgind co Meihdhb, dia coemhsatt cocad fri Conchobor im cend cecha formaitt bui attaro.

Gníthir feis Temrach la hEoch*aid* Fedlech an tan sin co cóiceduib Erenn immi acht Mędhb 7 Tinni. Hirailit fir Erend ar Eoch*aid* Mędhb do breith isind aónach. Cuiris Eoch*aid* Srebluath, adhon a banechlach, ar cęnd Medba c*o* Crúach*ain* 7 teitt Medb arnamáirech co Temraig cur

cuiretar graithfne ind aonuig *co* cend cóictigis ar mhís leó 7 scoilitt fir Erend ina díaidh sin[1].

Anais Conchobor tar eis cháich isind aonuch ac forairi ar Meidb 7 si ac dul co Boind dia fothracad, co tarrla Conchobor di ann, corsáraig hí 7 co ndechaid ina gnáis da haindeoin, co closs co Temraig sin. O doclos doergetar teglach rig Erenn immon rí[g] a Temraig amach 7 Tindi mac Connrach, 7 aderuit araili cur tuit Eoch*aid* Dala le Tindi reime sin fon rigi, 7 ní fír sin. 7 tocbaidt*er* meirgi rig Eredn (*sic*) d'innsaigi ri[g] Ulad corfocrad comracc o Thinni mac Connruch ar Conchobur Monodhur mac Connrach derbbráithir Tindi, condebuirtt Conchobor fris Tindi do coscc. Atbert Mondodur co ndingebad co tarla dóibh imsreng curad, cur tuit Tinni 'san imguin, condebratar eách 'is maith an t-echt,' condebuirt an drái 'bid mac Cecht a ainm co brach.' De sin dolen Mac (fol. 2 a 1) Cecht de.

Curmebuid an cath ria Conchobor for Boind bar Eoch*aid* Fedlech, condorchair Sraibgend mac Níuil 7 a mac a connmail an chatha dia n-eiss. Gabais Eoch*aid* Dala cuing an chatha fair ar fíarut Midhe tar Sinuind sribhúaine, co ruc Medb 7 Condacht*aig* slán leis tre nert imgona, cor nar lamad iad o Bóind co Sinuind.

Tecaitt Dom[n]annaigh 7 Dail nDruithne 7 Fir Craibhe, dia raibi Eoch*aid* Dala, co Cruach*ain* iar marbad Tinni mic Connruch Caiss. Ar gérbo tri haicmedha íatt san re scailed, rop enaicmi íatt ar mbunadus .i. clannai Dela mic Loich d'Feruib Bolcc iar ngenela*ch*. Gurab i comairle dorónsat, rigi Condacht d'ainmnech*ud* do Eoch[aid] Dala do deoín Medba dia mb*eth* 'na che*l*e dhi fen 7 cen étt cen

[1] sin si*n* MS.

omun cen neoitt do beth ann, uair ba gess disi beth ac ceili a mbeitís na trée sin. Dorigha[d] Eoch*aid* trit sin, co raibi treall a Cruach*ain* ana che*le* icc Meidb isin aimsir sin.

Tanuicc Ailill mac Máda mic Sraibgind do Ernaib *co* Cruach*ain* 7 ba lenam maol Ailill ann sin 7 iarsma clainni Sraipginn maraon ris dia ailemhuin ac Meidb tria gaol Mẹdba fris .i. Ele ingen Eath*ach* Fedlig a ṡenmathair. 7 altuir i Cruach*ain* Ailill iar sin curba mílid mormenmnach 7 curba trettill i ccathuib 7 a comlunduib 7 curba tuir connmala catha re Conchobor é ac dénamh cocc*tha* 7 ic din coicc*id* Mẹdba, curup e fa tóesech tegl*aig* ac Meidb 'na diaig sin, cur graduig Medb é ar a sobhessuibh, cur aontuigh fria é, curbá céli dhi é tar cheand (*sic*) Eoch*ach* Dala, cur éttuigi Eoch*aid* im chend in scéoil 7 cur hétaidhi Domnann*aig* tre chombáid, cur ṡamhailset Ailill d'innarb*a* a Connachta*ib* amach (fol. 2a2), co na raibhi do Ernuib maille friss. Cur toirmiscc Meadb an gnim sin do denum, uair ba dili leisi Ailill ana é. Ottconn*airc* Eoch*aid* letrom Meadba fograis comrucc ar Ailill im chend a righi 7 a mna, cur comracc doib co hainiarmurt*ach*, 7 dorochair Eoch*aid* Dala 'sa comracc sain la Ailill mac Máta tre imdill Meadbai.

Gabais Ailill ríghi Connacht do deoin Medba da eissi sin, curob é fa ri Connacht ac rig*ad* Conaire Moír mic Et*ar*sc*coil* 7 ac tabairt na tánai for Ulltu, conad don Ailill sin rucc Medb na Maineda, 7 nír Mainedha a cetanmanna, acht is íatt a cetanmanna .i. Felim Maine Aithreamail, Cairpre Maine Maithremail, Eoch*aid* Maine Andáoi, Fergus Maine Táoi, Cet Maine Millscothach, Dairi Maine Mo-idbe*r*tt. Cid ara n-ab*ar* na Mainedha friu? Ni *hansa*. Dia

mbói Medb occan cluichemnuigh laa n-ann, condorala dhi turcn*am* catha Finnchorad la Conchobor, día ndéb*er*tt friá draí: 'Cia lasa tuitf*e* Conchobor dom cloinn?' ol sí. 'Ní rucus muna haithbaist*er*,' ol an draí. 'Cidh sin?' ol Medb. 'La Maine gongeodhain,' or an draí. Conad aire sin tuc sí Maine for gach mac dhí dia tuited Conchobor lais, cor forttaml*aig*i na foranmanna sin na mac for na hanmanna disle bádur forrta. ⁊ došail Medb gurb é Conchobor mac Fachtnæ Fáthaig ri Ulad idub*er*tt an draí, ⁊ nocharb é ch*en*æ, acht Conchobor mac Artuir mic Bruighi mic Dungaili .i. mac rig Alpan dotuitt la Maine Andaoi mac Ailella ⁊ Medbai. Finid dó sin. Meisi Mailech*lainn* rograithph sin.

---

## The Caldron of Poesy

*From MS H. 3. 18 (Trinity College, Dublin), pp. 53 a — 57 a.*

Mocoire[1] cōir goiriath[2] gor. ronīr Día dam adūilib dēmrib[3]. dlicht[4] sāer sāerus broind bēlra bēil brūcht*us* ūad[5]. osmē Amargen glūngel[6]. gairglas[7]. greliat*h*[8]. gnīm

[1] .i. fil acum. [2] .i. goriath .i. gar damh in gach īath .i. ro iad rogói. [3] .i. is maith donuc Dīa damh a dīamraib na ndūle *no* omaicedh (?) ro érnest*ar* damh in sloinded sāer*us* sin a dīamraib na ndūl. [4] .i. slicht .i. cendfochras. [5] is *ed* sloinnes in sāer .i. sāeraid co hūais in bēlra aidhbind ina broind i mbíd, *no* is maith cach broinn i mbidh in bēlrad aidhbind .i. teibernighes aircetal ūaithi. [6] acatā in glūn geal. [7] colp*a* iarna crechad *no* icatá in colp*a* glas iarna crech*ad*. [8] līath a ulcha.

mogoriath crothaib condelib[1]. indeithear dath. nadinand[2] airlith*er* Dīa dogachdāen. dethōib[3]. īstōib[4]. ūastōib[5]. nemtsos[6]. lethsos[7]. lānsos[8] dohĒbir Dunn dēnum[9] do ūath. aupsaib[10] ilib ollmarib[11]. moth[12]. itoth[13] itræth[14] inarnin[15] iforsail indinendi- [53b] sail. slicht[16] asinnith*er* alt mog mocoire[17].

Aracain[18] coire sofis sernar dlig*ed* cachadāna[19]. dia mōigit māin[20]. mōr*us*[21] cach ceird coitcend. conutaing[22] duine dán.

Ce*ist*[23] itā bunadus inaircet*ail* induine inacurp famenmain.[24] arnīdēna incorp nige[25] nanmain. asberat arail*i* bid acurp. intan[26] dofoglen occundacorpu .i. oath*air* *no* sena-

---

[1] iss *ed* gnías mo coire, aisnēis na hēisce fora n-aisnēdhth*er* na crotha ilardha .i. find 7 dub 7 brecc, *no* dath molta for mol*ad*. [2] .i. nochon inann dob*eir* Dīa do cāch aisnēis na héisce. [3] .i. lethcláen. [4] .i. for beōlu. [5] fáen. [6] .i. intan is for beōl*u* .i. in áes Dáe. [7] .i. lethclāen .i. in āes bair[d]ne 7 rand. [8] intan is fāen .i. i n-ānrothuib sofis 7 aircet*ail*. [9] .i. dēnum a aircetail do Ēb*ir* 7 do Dund co taibsenaib ilardhaib. [10] .i. co taibsenaibh ilarghuib. [11] .i. imat amar na ésce a hollm*ur*ib ilib na héicsi. [12] cach ferrdha .i. a masgul .i. imoadh .i. is ē cinēl is dlig*thech* .i. cinēl ferrda. [13] .i. in femen .i. cach banda i tāi ead*h* .i. is ē dliged na mban b*eth* i tāi. [14] ed .i. it*er* femin 7 mascol .i. n*em*ot*ar* .i. i neoatar. [15] .i. i forbaid. [16] .i. is ē seo dliged aisnēidhim orro, *no* i sloinded asronaisnēidht*er* aircetal. [17] .i. is ē so gnīmr*ad* mo coire. [18] .i. fīrcanim-se do caire in sofesa. [19] .i. srethnaith*ir* dliged cacha dána as. [20] dob*eir* mōug*ud* māine for cāch. [21] .i. mōrrāidid sē cach elada co coitcenn, *no* mōrrāidhit coitcenn in cāch aca mbī in ceird sin. [22] .i. dob*eir* sē cumtach for na dāinib im tidnacul neich dōib, *no* cumdaighe a dān cach duine. [23] .i. comaircim cāit i fuil bunad ūais in aircetail in duine. [24] asberat (*to come before ar ní déna &c.*). [25] .i. aircet*al*. [26] .i. intan toighlen*us* ō bunad in cuirp .i. intan foghlen*us* aircetal de *co* comdūchus in cuirp.

th*air* olsod*h*ain. asfīra arathā[1] bunad. inair*chetail*[2] 7 int-sois[3]. icachduine corptha. acht cachladuine[4] niadtuithi ann. alail*e* atuidigh[5].

[54 a] Caite di*diu* bunad inarcetail. 7 gachsois[6] olchena. nī *ansa*. genith*ir*[7] tri coire incachduine .i. coire goriath 7 coire erma 7 coire sois. Coire[8] goiriath isesidhe genith*er* fōen induine fochētōir isas foghailt*er* soos dodāinib ino-ghoiti[9]. coire erma[10] im*morro* iarmobī mōaighid[11] iseiside isesi genith*er* dotæib induine coiri sois isesidhe genith*er* for beol*u* 7 isas fodailter soes gacha dāna[12]. [54 b] Coir*e* erma[13] do*no* gachladuine[14] isforbeolu[15] atā ann inæs. doeis lethclæn inæs bairdne[16] 7 rann[17]. isfāen atā anān-srothaib[18] soḟis 7 aire conaire di*diu*. nīdēna cach oenere dihad isforabeolu at*ā* coimrerma and conidnimpaith brōn no [ḟ]āilte.

C*eist* cisl*ir* fodhl*a* fil forsan mbrōn imidhsūi[19]. nī *ansa* .i. iiii. eolcaire[20]. cumha[21]. 7 brōin ēoit[22]—7 ailithre[23] ardīa. 7 is medhōn aratairb*er*at[24] inacethraso ciasanechtar fof*er*th*ar*[25].

---

[1] a beth i curp. [2] .i. tomsidhe. [3] .i. na bairdne. [4] achtaighim cach dara duine nochonatdothid anné. [5] .i. alaile is atdoighidh. [6] .i. cach eólais uile chena. [7] .i. cach duine a ngenenn a coire dibh. [8] .i. coire a roīadha[d] rogōe. [9] in n-indottacht a n-oeitidh. [10] .i. iarimpōs ann. [11] .i. īaram īarna impōd dob*eir* sē mōughud for nech. [12] olcena cinmothā aircedal .i. tomsidhe. [13] .i. coire iarimpōs ann. [14] .i. cach dara duine. [15] .i. i locht doeis. [16] .i. deibhidhe. [17] .i. sedha. [18] .i. ollam na bairdne. [19] .i. impōs é. [20] .i. ima athair. [21] .i. daine. [22] .i. īar futhacht. [23] ar mēt a cinadh. [24] .i. is asa meadhōn airbertnaighit. [25] .i. na cethir híso incoiri dimpō cidh amach docuirt*er* cuicce.

[p. 55 a] Atāt do*no* dāfod*ail* forfāilte ōniumpaith*er* incomsofis .i. fāilte deodha 7 fāilte dæna. infāilte dæna atāt ceithre fodl*a* forsuide .i. lūth ēoit futhachta [1] 7 fāilte [2] slāne 7 nemimniche [3]. imbet bruit [4] 7 bīdh cofeca induine [5] forbair[d]ne. 7 fāilte [6] fridliged nēcse iarnadagfrichgnam. 7 fāilte fritascor nimais [7] dofaircet næ cuill [55 b] cāinmesa [8] for Segais [9] isīgaib. condatrocrat*ar* mēit [10] moltcnāi [11]. īar ndruimned [12] Bōinde frithroisc [13]. lūaithe echaighe ne*m*medōn [14] mīs míthime. diasecht mbliadnaib [15] beos.

Fāilte dēoda im*morro* toruma [16] inraith [17] docum in comsofis [18] conidnimpāid fæn conide bid fāide dēoda 7 dōenda [19] 7 tracht*aire* raith [20] 7 frichnama imale [21]. cona iar*um* labrait [22] inalabartha ratha 7 dognīat inafirta [56 a] condatfāsaige [23] 7 bretha [24] ambrīathar [25] condadesm*er*-*echt* dogachcobru. acht isanechtair atatairb*er*at inahieseo [26]

---

[1] .i. luthad do tre eút īar ndēn*um* fuiche de. [2] .i. īar ngalar. [3] .i. cen imnedh do b*eth* air. [4] d'faghbhāil dō. [5] .i. co ndēnand airccetal. [6] .i. re hēisce dlig*id* īarna daghfoghlaim. [7] .i. fri tascur n-imhais īar mBōind *no* greithine .i. bolcc i mbafuilnge grīan forna luibip 7 cidbe caithes īat bid d*o*naca. [8] .i. tūairgit na ix cuill cāeinmeis emnaight *er* ann. [9] .i. ainm tibraiti. [10] .i. co tochrad re mét cnāi cind muilt. [11] .i. int imhus *no* caire. [12] .i. īarmedhōn. [13] .i. i n-agaid tsrotha. [14] .i. comlūath é 7 int ech innsaight*her* isin āenach a mī medhōna*ch* int samr*aid*. [15] .i. cacha vii mad bl*iadna* tic. [16] .i. tiachtain. [17] dēodha. [18] *no* in coire, no erma. [19] .i. am*ail* robōi Cumain 7 rl. 7 Colmān mac Lénīn 7 Colum Cille. [20] .i. iss *ed* notrachtatais, rath. [21] .i. frichgnam foghloma imalle frisin rath. [22] iarsin rath 7 iarsin fāthfoghloim. [23] .i. conitfesa ōgha fāitsine. [24] .i. im brethemnus. [25] .i. a mbretha a faítsine. [26] .i. achtaighim conamuigh terb*er*tar na hie íso ina coire cid na medōn atairgith*er*.

incoin[1] ciasamedōn foraferth*ar* desen in asber Nēde mac Adna.

Arcain[3] coire nerma intlectuib raith rethaib sofis[4] srethaib imbais[5]. imb*er* necna[6] ellach[7] sūithi srūaim nordan. indogbāil[8] doeir. domnad insce[9] intlect[10] ruirthech [56 b] romna[11] roiscne. sær comgnē[12]. cæmad felm*ac*[13] fegtar ndlig*ed*. delither cīalla[14]. cengar sēsi[15]. sīluither sofis[16]. somnither sæir[17]. særth*ar*[18] nach sær arautgatar anman*na* atfīadatar molta modaib dlig*id*[19]. deligchib grādh glanmesaib sæire[20]. soinscib sūad srūama ndāil sǣithe[21]. sǣrbrud[22] imberbth*ar* bunad cach sofis searnar īarndliged

---

[1] *no* in coire. [2] .i. isechtair in duine airbertnaighit na hernaile faillsigug*ud* in coiri do impō oc dén*um* in aircetail .i. cidh arm .i. dorairesit*er* angíma do imirt impudud in coire. [3] .i. fīrchanaid in coire īarimpoos and indlecht rathmar do neoch. [4] .i. rith impas iar mBōinn. [5] .i. sreth imait sofis īar foghloim. [6] .i. b*er*id a hinde ecna leisintī ga mbī. [7] .i. ellgid sē sāidhecht do neoch .i. dofaircenn imat toicthi. [8] .i. a comenecl*ann* .i. togb*āil* a hinde na doerclanna fri sáerudh. [9] .i. múnaid do chách indsce coír. [10] .i. is roertach indtlecht and. [11] .i. fordorchad indsce. [12] .i. sāraidht*her* eólus comamserda aice na rie (?) [13] .i. dob*eir* cáemad forna felmacaib dafeghat a dlig*ed* in coire. [14] .i. deghlait*er* cīalla na mbésena as. [15] .i. cēimnight*er* sofeasa imdha ann .i. sgēla 7 genelche. [16] i. sīlaid*he* fesa do felmacaib intī ica mbí. [17] .i. lāit*er* dona sāeraib oca mbi .i. nocho b*eir* sonmide a soferaib oca mbí. [18] .i. sāerth*ar* na dōerclanna oca mbi ar cintaib ninbleog*an*. [19] .i. dob*eir* sé cumdach for anmanaib na ndāine de ndéntar na molta ō aisnéidth*er* iat arna modhaib dligē. [20] .i. glanmesemnaighit saeire enecl*ainni* dōib fo delug*ud* a ngrādh. [21] .i. cona ndeghindscib sūadh ocaib a himat forsaighe. [22] .i. i[s]sāer é um enecl*ainn* 7 ar cintaib inbrudh imb*er*bhtar bunad cacha deghfesa .i. imhas na Bōindi sretnaight*her* īaram co dlig*thech*.

drengar[1] īarfrichnum. fonglūasi imbas. imesai[2] [57 a] fāilte faillsigth*er*. triabrōn[3] būan brīgh nādībdai di*diu* arcain coire ermoi[4].

Cid inermai[5]. nī ansa. erimp*ud*[6] sāi *no* iarimp*ud*[7] sāi *no* erna imsoe .i. ernæ fo fris[8]. 7 sæire[9]. 7 airmitin[10] iarnaimpū[d]. Coire erma[11] ernid[12]. erenar[13]. mogaith*er*[14] mbrogtair. biat[h]aid[15] biadtar maraid[16]. martair[17]. ailit[h] ailter[18]. aracain aracanair[19]. foraig foragar[20]. consrend consrendar[21]. fosrend fosrendar. fotobur [57 b] tomsi. foaitreib innsce foco-

---

[1] .i. drémnight*er* do*n* deghfis oca īar frichgn*am* dō re foghluim .i. nonglūaisi imbas Bōindi *no* gréne .i. in coiri. [2] .i. impāit*er* fāilti .i. dona fāthaib remráidtib. [3] .i. dob*eth* for nech. [4] .i. is suthai*n* in brīg*h* do neoc*h* oca mbi conādíbda*n* gan comairce, air is comairci dō a aircetal. [5] .i. cid risi raít*er* érma. [6] .i. is ūasal int impū[d] sofis frisinnī na derna custrásta. [7] .i. *no* iarimpōas cusinní dorighni. [8] *friis MS*; .i. aircetal *no* sulghaire. [9] .i. im cinaidh n-inbleogh*ain*. [10] .i. im enecl*ainn* no im lōgh aisti. [11] .i. erma caiti a inntaithmigh. [12] .i. mol*ad* do dēn*um*. [13] .i. lōg do aire. [14] .i. fīrēnaig-siu scēla 7 genealaigh do cāch 7 fīrēnaight*her* do-*som* ō file *aile* .i. moig-siu nech in lā oirdn*id* in grādh 7 moig-siu do*no* ō oidi ima oirdned. [15] .i. bīath*aid* som nech co ndāim 7 bīat*ar* som 'conn daímh .i. dob*eir* fecht f. 7 doberar dō fe*cht* f. [16] .i. rāidsim enecland do cách. [17] .i. rāidht*er* enecl*ann* dō ō chāch. [18] .i. guidhitsium na tūatha im ailgesaib 7 guidt*er* som imanet negni. [19] .i. is cāi*n*tsrethnaight*er* sium gell*ad* do cách 7 cāintsretnaig*hter* gell*ad* dō ō cāch. [20] .i. intī fuirghius in filid fuirgitsim oca .i. is taithne*mach* srethnuighes a aisce cōir do den*um* do cách. [21] .i. fīrcanuidsium trefoc*ul* for in cāch oca mbí acradh 7 fīrcantair do*no* fair-sium ō fil*id aile* .i. dob*eir* comairghe do cāch *no* fosretnaighitsium fiacha tar cenn na ngell 7 fosretnaigt*er* dó .i. dob*eir* comairghi seí*m* .i. is maith in coire asatoimsidhth*er* fri fidh 7 deach .i. is maith in coiri a fuil i*n*tei*n*fes .i. is maith in coiri asa comaimsidht*er* so uile.

mar cóimsi. conutaing[1] fi*rr*si ismō[2] cachferann. isferr[3] gach orbo[4]. b*er*igh cohecna[5]. echraid fribòrba[6].

---

## Verba Scāthaige fri CoinCulaind

*From the Bodleian MS Rawlinson B 512, fol. 118 b 2 (R) collated with Egerton 88, fol. 11 a 2 ($E^1$) and Egerton 1782, fol. 19 b 1 ($E^2$). Cf. Tochmarc Emire § 79 (ZCP III, S. 255) and Thurneysen, Zu irischen Handschriften, S. 58.*

Incipiunt uerbai[7] Scathaige fri Coinchulaind[8] ȯc scarad doib[9] isna randaib thair o roscaich[10] do Choinculaind[11] lánfoglaimb[12] in milti la Scathaich[13]. Doairchechain Scathach do iarum[14] anni aridmbiad, co n-epert fris tria imbas forossndi dia foirciund.

Imbe err hængaile
arutossa ollgabad
huathad fri heit[17] n-imlibir .i. tain bo *Cuailngi*
cotut chaurith. ceillfetar
fortat bragait bibsatar
bied do chalcc culbeimmen[18]

---

[1] .i. rocumdaig is t*ar* n*er*t dó som. [2] .i. rīg. [3] .i. grāidh. [4] .i. fēin. [5] .i. comenecl*ann* fri rīgh. [6] .i. scaraid nec*h* fri borbuib.

[7] INdsipi*unt* uerba $E^1$. [8] Coinchuluinn $E^2$. [9] frie $E^1$. [10] scaith $E^1$ $E^2$. [11] Choinchuluinn $E^2$ *om.* $E^1$. [12] lánfogluimm $E^2$. [13] Scathuig $E^2$. [14] toaircechain do iar*um* Scath*ach* $E^1$. [15] aritmbiad $E^2$. [16] foirciunn $E^2$, forciunt $E^1$. [17] heid $E^1$, heit $E^2$. [18] cúlbeimmen $E^2$.

cruo[1] fri sruth Setantæ[2] (nomen proprium do
Choinculaind)
tithis fithog fæburamnuiss[3]
fethul feulai[4] ferchlessaib[5]
ferb tu[6] breig braithfigth*er*
[bragit du thuaith tithsitir $E^2$]
treancithoch[8] coicdigis
cichis do buar mbealtav[9]
ba hoin fri slog sirdochre[10]
sifis do fuil flandtenman[11]
fernaib ilib idlochtaib[12]
cuan dia lilis loscannaib
lin difedat[13] ildamaib
ilar fule[14] firfitir
fort Choinchaulaind[15] ceisfe
alag nenchride
al[16] de dalaib dedarbe
dedirn brodirc brisfith*er*
bruthaich fri toind trechtide[17]
frisin belend mbandernach[18]
belend dichet chlessamnach[19]
cichit biet banchuriu[20]

---

[1] cruoch $E^1$ $E^2$. [2] Sedantai $E^1$, Sétantẹ $E^2$. [3] fithach faobhuramhnas $E^1$, fithóg faéburamnus $E^2$. [4] feúlai $E^2$. [5] *no* fed *add.* $E^1$. [6] do $E^1$. [7] braitfith*er* $E^1$. [8] trencithach $E^1$. [9] mbeulatai $E^1$, mbeltu $E^2$. [10] sluagh sirechtach $E^1$, slóg sirdochrui $E^2$. [11] flanntenmen $E^1$. [12] ildlochtaib $E^1$. [13] dofedhad $E^1$, dofedad $E^2$. [14] fuili $E^2$. [15] Choinchaulainn $E^2$, fort *Co*ncul*ainn* cen colinn $E^1$. [16] dal $E^1$. [17] trechdaichi $E^1$. [18] frisin mbelend mbandern(n)ach $E^1$ $E^2$. [19] clessamnach $E^1$ $E^2$. [20] banchuire $E^1$ $E^2$.

ba grithi Medba[1] sceu Ailella
aruthossa otharligi[2]
hucht fri hechta hirgairgge
Atchiu firfeith finnbennach
hoéi[3] fria[4] dond Cuailnge[5] ardbaurach[6].

Finit[7].

---

[1] Medb *$E^1$ $E^2$*. [2] otharlighe *$E^1$*. [3] hAí *$E^1$ $E^2$*. [4] fri *$E^1$ $E^2$*. [5] Cualngne *$E^2$*. [6] aurtburach *$E^1$*, ardbúrach *$E^2$*. [7] *om.* *$E^1$ $E^2$*.

Ehrhardt Karras, printing-office, Halle a. S.